# Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Aonad Foghlama
## Pleanáil Roinne

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Bliain:** 2ú Bliain | **Téarma:** 1 | **Aonad:** 1 | **Fad an Aonaid:** 4 seachtaine (8 x 60 nóim nó 4 x 80 nóim agus 4 x 20 nóim) |

**Téama:** Goile chun Athraithe

| Torthaí Foghlama | Príomhfhoghlaim | Measúnú |
|---|---|---|
| 1.13 béilí a phleanáil agus a ullmhú dóibh siúd a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia orthu<br>1.6 úsáid a bhaint as cur chuige foghlama bunaithe ar fhadhbanna, eolas cothaitheach a chur i bhfeidhm chun bia a phleanáil agus a ullmhú don teaghlach<br>2.4 na riachtanais timpeallachta baile atá sábháilte agus cothaitheach a phlé<br>2.5 an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh sa saol laethúil a mheas<br>1.5 cleachtais shábháilte agus shláinteacha a chur i bhfeidhm maidir le láimhseáil, ullmhú, stóráil agus riar bia<br><br>**Briathra Gnímh**<br><br>Aithin: fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) a shainaithint chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint<br>Meas: saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh<br>Ullmhaigh: rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair<br>Mínigh: mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna | Eolas Tuiscint Scileanna Luachanna<br><br>Micreaorgánaigh<br>Sábháilteacht agus sláintíocht bia - cad é ar cheart smaoineamh faoi agus bia á láimhseáil, á ullmhú, á stóráil agus á riar<br>Sábháilteacht Bia sa bhaile<br>Rudaí le smaoineamh fúthu maidir le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh<br>Ról na saille agus na vitimíní sailltuaslagtha san aiste bia<br>Galair a bhaineann le haiste bia – murtall, galar cardashoithíoch<br>Réimse béilí a phleanáil agus a ullmhú do theaghlach nó do dhuine aonair atá oiriúnach do dhuine a bhfuil murtall nó galar cardashoithíoch air nó uirthi<br>Béile / raon béilí a chócaráil agus a riar ar theaghlach nó ar dhuine aonair atá oiriúnach do dhuine a bhfuil murtall nó galar cardashoithíoch air<br>Meastóireacht a dhéanamh agus aird agat ar an ngalar a roghnaíodh atá bainteach le haiste bia, ar ról na saille agus na vitimíní sailltuaslagtha san aiste bia agus cinnteoireacht eolasach | |

**Resources**

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers